

Eolach ar an teanga

Seo tacar cártaí cártaí atá bunaithe ar théarmaíocht éagsúla na matamaitice. Cé go mbíonn tuiscint bhunúsach ag páistí ar theanga na matamaitice bíonn fadhbanna acu, in amanna, teanga na fadhbhuascailte a thusicint. Cuidíonn an áis seo le páistí féinmhuinín a fheabhsú agus a bheith níos muiníne i dtuiscint theanga na matamaitice.

EAGRÚ:

Ceathrar i ngrúpa ilchumasach.

Roghnaíonn an chéad duine cárta agus caithfear an focal a mhíniú gan á ra.

AIDHM:

Cuidíonn an ghníomhaíocht seo leis an oide bearnaí tuisceana téarmaíochta daltaí a aimsiú agus díriú isteach orthu de réir a chéile.

CUR CHUIGE:

Bheith in ann an méid is mó cártaí a mhíniú go n-aimseoidh na baill eile na focail taobh istigh de chúig bhomaite.

EILE:

Cuidíonn sé go mór le daltaí laga trí sheans a sholáthar dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh ar dhóigh chomhpháirteach go dtig leo míniúcháin a chluinstin óna bpiaranna i gcomhthéacs chompordach dheimhnitheach gan strus.

Is féidir an ghníomhaíocht a fhorbairt de réir mar a éiríonn daltaí cleachtaithe léi; thiocfadh á úsáid mar iontróid ceachta agus tearmaíocht a dhaingniú chomh maith le téarmaí úra a fhí isteach ó am go céile. Thiocfadh tacair teanga éagsúla a úsáid fá choinne gnéithe dhifriúla na matamaitice - cruth, spás, láimhseáil eolais, am srl.

Daltaí níos óige:

Cuir le chéile / suimigh suimiú níos mó móide meadaigh suim
iomlán san iomlán dúbail (briathar) dúbailt (ainmfhocal) dealaigh
dealú bain ar shiúil lúide laghdaigh difríocht idir leath
cothrom le

Daltaí níos sine:

príomha rothlaigh comhthreomhar ingearach céatadán iolraí
maoluillinn dóchúlacht figiúr deachúil ainmneoir learáid
frithchaitheamh teasaláid randamach modh coiteann oibríocht
fiosrúchán deiseal rothlaigh cóimheas raon tuar sonraí
inbhéarta